RÚN (AE) 2022/1807 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0110/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 364 432 655 buiséad deiridh na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (an "Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú de 10,40 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais go príomha a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí gur cheart do chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais a bheith trédhearcach agus cuntasach go hiomlán do shaoránaigh an Aontais maidir leis na cistí a chuirtear faoina gcúram;

C. de bhrí go leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) na ceanglais ba cheart don Ghníomhaireacht a chomhlíonadh, lena n-áirítear i réimsí amhail urraim do chearta bunúsacha;

D. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

E. de bhrí, ó mhí na Nollag 2019 i leith, go bhfuil sainordú nua á chur i bhfeidhm ag an Ghníomhaireacht, a bhfuil scála méadaithe riachtanach aige atá suntasach ó thaobh misin agus foirne de agus a éilíonn buiséad leordhóthanach;

F. de bhrí gurb é conclúid na Cúirte ina Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2021 maidir le tacaíocht na Gníomhaireachta do bhainistiú teorainneacha seachtracha go raibh roinnt easnamh ann a bhaineann le príomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, eadhon faireachán staide, anailís riosca, measúnú leochaileachta, oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann, oibríochtaí um fhilleadh agus oiliúint na Gníomhaireachta, easpa measúnuithe ar riachtanais agus easpa measúnuithe tionchair roimh an méadú easpónantúil ar speansais na Gníomhaireachta;

G. de bhrí gur bhunaigh Coiste na Parlaiminte um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile Grúpa Oibre um Ghrinnscrúdú Frontex (FSWG) a d'fhoilsigh tuarascáil ar an imscrúdú faisnéise ar an nGníomhaireacht maidir le sáruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha an 14 Iúil 2021 ("tuarascáil FSWG");

H. de bhrí gur dhún an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) cuid dá himscrúduithe an 15 Feabhra 2021 inar breathnaíodh ar láimhseáil tuarascálacha ar theagmhais a bhain le cearta bunúsacha, lena n-áirítear brú siar; de bhrí go bhfuil OLAF fós ag imscrúdú roinnt líomhaintí maidir le saincheisteanna eile; de bhrí nár roinneadh tuarascáil OLAF maidir leis na himscrúduithe le comhaltaí an Choiste um Rialú Buiséadach nó an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile; de bhrí go gcuireann sé sin bac ar obair ghrinnscrúdaithe an Choiste um Rialú Buiséadach i bhfianaise a ábhartha atá an tuarascáil sin don nós imeachta um urscaoileadh;

([1]) IO C 143, 30.4.2020, lch. 6.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

Buiséad agus bainistíocht airgeadais

1. ag tabhairt dá haire gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséid 78,42 %, a léiríonn laghdú de 21,42 % i gcomparáid le 2019; á thabhairt chun suntais gur gealladh EUR 360 milliún as EUR 364 mhilliún den bhuiséad; ag tabhairt dá haire gur cuireadh EUR 95 mhilliún ar ais chuig buiséad ginearálta an Aontais; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, go raibh an ráta forghníomhúcháin íocaíochtaí an-íseal ag 43,84 %, arb ionann é sin agus laghdú de 25,30 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil ráiteas déanta ag an gCúirt go mbraitheann an Ghníomhaireacht, le haghaidh phleanáil airgeadais a cuid oibríochtaí um fhilleadh, ar mheastacháin a sholáthraíonn na tíortha comhoibritheacha agus go bhfuil sé ríthábhachtach an fhaisnéis sin a bheith ar fáil go hiomlán agus go tráthúil; ag tabhairt dá haire go bhfuil barúil tugtha ag an gCúirt gur chuimsigh údarás náisiúnta i gcás amháin in 2020 dhá oibríocht um fhilleadh nár fógraíodh roimhe sin agus arbh fhiú EUR 355 000 san iomlán iad, i gcomhaontú deontais nuair a tugadh an ghníomhaíocht i gcrích ó thaobh airgeadais de, rud a d'fhág easnamh buiséadach tobann don Ghníomhaireacht agus a chuir iallach ar an nGníomhaireacht gealltanas buiséadach *ex-post* a dhéanamh, rud a sháraíonn Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta; ag aithint spleáchas na Gníomhaireachta ar thíortha comhoibritheacha agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht a bheith níos déine maidir le socraíocht agus forfheidhmiú caighdeán a bhaineann le hiomláine agus le tráthúlacht fáil faisnéise i ndáil le pleanáil airgeadais oibríochtaí, lena n-áirítear na hoibríochtaí um fhilleadh; á mheabhrú nach mór rialacha agus prionsabail Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta a urramú agus a urramú i ngach cás;

3. á thabhairt chun suntais gur chuir an Ghníomhaireacht tús le huasghrádú ar chórais Frontex maidir le hIarratais ar Fhilleadh (FAR) agus ar chórais an Fheidhmchláir Bainistíochta Comhtháite maidir le Filleadh (IRMA) chun céimeanna a ghlacadh i dtreo córas idir-inoibritheach costas a bhaineann le gníomhaíochtaí, chun bainistiú fónta airgeadais deontas a áirithiú; á thabhairt chun suntais go mbeidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sonraí oibríochtúla agus airgeadais maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar a chur isteach; á iarraidh ar an gCoimisiún an caidreamh idir an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit a neartú agus rialacha ceangailteacha a áirithiú do na Ballstáit maidir le cosaint airgeadais agus oibríochtúil agus maidir le faireachán;

4. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt barúlacha go dtugtar maolaisnéis i dtaca le ranníocaíocht na dTíortha atá Comhlachaithe le Schengen, toisc gurbh ionann é agus 6,91 % de bhuiséad tosaigh na Gníomhaireachta, cé gur cheart gurbh ionann sin agus 7,43 %, gan ró-mheastachán a dhéanamh ar ranníocaíocht an Aontais ós rud é go ndéantar í sin a bhuiséadú gan beann ar rannpháirtíocht na dTíortha atá Comhlachaithe le Schengen; ag athdhearbhú bharúil na Cúirte gur léiriú é seo ar an ngá atá le treoir bhreise ón gCoimisiún do chomhlachtaí an Aontais maidir le conas ranníocaíochtaí ó thíortha neamh-AE a ríomh go comhsheasmhach;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil barúil déanta ag an gCúirt go raibh tionchar ag an bpaindéim ar oibríochtaí agus ar chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta in 2020, agus gur laghdaigh an Ghníomhaireacht a buiséad tosaigh faoi EUR 95 000 000, trí dhá bhuiséad leasaitheacha; á thabhairt dá haire gur tugadh gealltanas buiséadach sealadach EUR 18 100 000 chun imscaradh allamuigh a ullmhú in 2021 ar aghaidh gan an Ghníomhaireacht a bheith tar éis gealltanais dhlíthiúla a dhéanamh laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 75 de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an Ghníomhaireacht an bharúil agus í ag obair ar bhearta feabhais chun tarlú sa todhchaí a chosc, lena ngabhann fíorú táblaí atá le tabhairt ar aghaidh do na gealltanais dhlíthiúla ghaolmhara; á aithint gur eisigh an Ghníomhaireacht fógra riaracháin le treoir maidir le prionsabal na bliantúlachta lenar míníodh go mion na rialacha maidir le tabhairt anonn;

6. ag tabhairt dá haire gur méadaíodh maoiniú ón Aontas don Ghníomhaireacht faoi EUR 10 milliún trí bhíthin buiséad Leasaithe Uimh. 1/2020; á chur in iúl gur saoth léi nach raibh an méid sin le feiceáil i gcuntais bhuiséadacha na Gníomhaireachta; á chur in iúl go n-aontaíonn sí le tuairim na Cúirte go laghdaítear trédhearcacht leis sin mar déantar níos deacra é méid an mhaoinithe ón Aontas a fheiceáil a bhí ar fáil don Ghníomhaireacht in 2020 mar aon leis an dóigh ar athraíodh an méid sin thar am; ag cur béim ar an ngá atá leis an trédhearcacht a áirithiú mar thosaíocht;

7. ag meabhrú chonclúid na Cúirte nach gcuireann tuairisciú oibríochtúil na Gníomhaireachta lucht déanta cinntí ar an eolas go leordhóthanach toisc nach bhfuil faisnéis ann faoi chostais agus feidhmíocht iarbhír; á iarraidh an athuair ar an gCúirt measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Gníomhaireachta maidir le moltaí 1 go 4; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi thorthaí na dteagmhálacha molta leis an gCúirt agus leis an gCoimisiún agus an tsaincheist maidir le heaspa fianaise tacaíochta a réiteach go práinneach;

Feidhmíocht

8. á thabhairt dá haire go n-úsáideann an Ghníomhaireacht bearta áirithe mar phríomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht a cuid gníomhaíochtaí, arna nglacadh ag bord bainistíochta na Gníomhaireachta, agus a eascraíonn as an doiciméad clársceidealaithe aonair 2020-2022; á thabhairt dá haire go háirithe na KPInna maidir leis an ráta folúntais, infhaighteacht agus leordhóthanacht na gcomhthiomsuithe acmhainní daonna, infhaighteacht trealaimh theicniúil le haghaidh misean na Gníomhaireachta agus trasnú mídhleathach teorann a bhrath;

9. á thabairt dá haire gur chur an Ghníomhaireacht dhá mear-idirghabháil teorann i bhfeidhm ag teorainneacha seachtracha talún agus muirí na Gréige leis an Tuirc a d'éiligh imscaradh trealaimh theicniúil ó na comhthiomsuithe de threalamh mearfhreagartha agus de threalamh teicniúil, chomh maith le hacmhainní daonna;

10. á thabhairt dá haire gur fheidhmigh seirbhísí aerárthaí faireachais na Gníomhaireachta 1 068 misean san iomlán in 2020, as a raibh 1 030 acu ina n-eitiltí faireachais agus 38 acu a bhain le rialú iascaigh; á chur in iúl gur geal léi gur tháinig méadú ar líon na seirbhísí aerárthaí faireachais le blianta beaga anuas agus 177 misean ann in 2017 agus 1 068 misean in 2020;

11. á thabhairt dá haire gur chuidigh sócmhainní na Gníomhaireachta in oibríochtaí muirí le níos mó ná 3 408 n-imirceach a tharrtháil le linn gníomhaíochtaí patróil, agus dá thoradh sin gur braitheadh 790 éascaitheoir, ceithre gháinneálaí ar dhaoine agus raon leathan cineálacha eile coireanna trasteorann, amhail smuigléireacht earraí agus substaintí mídhleathacha (1 463 lítear alcóil, 4 013 phíosa armlóin, thart ar 361 chileagram de chócaon, níos mó ná 144 thonna de roisín cannabais agus marijuana, agus 40 cileagram hearóin);

12. á thabhairt dá haire gur leanadh le hoibríochtaí fillte na Gníomhaireachta, ainneoin go raibh tionchar ag srianta phaindéim COVID-19 orthu, agus 21 Bhallstát ag glacadh páirte mar eagraithe nó mar rannpháirtithe in oibríochtaí fillte ar eitiltí cairtfhostaithe arna gcomhordú agus arna gcómhaoiniú ag an nGníomhaireacht, le 7 952 dhuine ar an iomlán a tugadh ar láimh, ag baint amach 28 dtríú tír a mbeifear ag filleadh orthu, líon suntasach níos ísle ná mar a bhí in 2019; á thabhairt dá haire gurbh ionann filleadh deonacha agus 18 % de na heitiltí tacaithe go léir; á thabhairt dá haire go ndearna 26 Bhallstát fillteacha ar eitiltí sceidealta le tacaíocht na Gníomhaireachta, gur tugadh 3 981 náisiúnach tríú tír ar ais go 83 thír a mbeifear ag filleadh orthu, agus gur fhill 2 173 (55 %) acu sin gan tionlacan agus 1 532 (38 %) ar bhonn deonach;

13. ag tabhairt dá haire gur áiríodh ar na bearta a bhain le COVID-19 in 2020 dúnadh teorainneacha agus fionraíocht aerthrácht, ar bearta iad a raibh tionchar acu ar na gníomhaíochtaí oibríochtúla go léir arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú mór ar líon na n-oibríochtaí um fhilleadh in 2020; á iarraidh ar an gCoimisiún plean éigeandála a thabhairt isteach, i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht, ina leagfar amach bearta sábháilteachta áirithe, lena n-áiritheofar go leanfar ar aghaidh go sábháilte le hoibríochtaí um fhilleadh;

14. á thabhairt dá haire gur cuireadh bac ar ghníomhaíochtaí oifigigh um chearta bunúsacha de chuid na Gníomhaireachta de bharr srianta phaindéim COVID-19, go háirithe a ról faireacháin ar an láthair ar limistéir oibríochtúla na Gníomhaireachta de bharr srianta ginearálta taistil agus dúnadh teorainneacha an Aontais; á thabhairt dá haire go ndearnadh an fhaireachán go heisiach trí theagmhálacha a choinneáil le roinn freagartha oibriúcháin na Gníomhaireachta agus le roinn na feasachta staide agus faireacháin, trí rochtain a fháil ar fhaisnéisithe a cuireadh ar fáil d'oifigigh imscartha agus ar thuarascálacha isteach, trí fhaisnéis a bhailiú ó na meáin, trí chomhoibriú leis an bhfóram comhchomhairleach agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile; á thabhairt dá haire gur chláraigh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha 10 dtuarascáil um theagmhais thromchúiseacha (SIRanna) go foirmiúil agus gur eisíodh trí thuarascáil dheireanacha ón Oifig um Chearta Bunúsacha lenar dúnadh na SIRanna agus gur measadh trí cinn eile a bheith dúnta ar feitheamh fhoilsiú thuarascálacha an Oifigigh um Chearta Bunúsacha; á thabhairt dá haire go mbaineann na SIRanna i gceist le sáruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha le linn gníomhaíochtaí oibríochtúla, lena n-áirítear oibríochtaí um fhilleadh, arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht (i.e. maidir le foireann na mBallstát agus na Gníomhaireachta);

Cearta bunúsacha agus obair leantach ar thimthriall urscaoilte 2019

15. á mheabhrú gur iarr an Pharlaimint, trína rún an 21 Deireadh Fómhair 2021 ina bhfuil barúlacha atá mar dhlúthchuid den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2019 ([3]), go gcuirfeadh an t-údarás buiséadach cuid de bhuiséad na Gníomhaireachta do 2022 i gcúlchiste, agus go mbeadh sé le scaoileadh nuair a bheadh seacht gcoinníoll curtha i gcrích; á chur in iúl gurb oth léi nár cuireadh an cúlchiste sin chun feidhme tar éis na caibidlíochta do bhuiséad 2022; á athdhearbhú, áfach, gur léir ó urscaoileadh na Gníomhaireachta don bhliain

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0442.

airgeadais 2019 gurb ionann mainneachtain na coinníollacha sin a chomhlíonadh agus méadú ar an mbaol go ndiúltófaí an t-urscaoileadh a dheonú don bhliain airgeadais 2020; ag cur béim ar an ngá atá le meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta maidir le gach ceann de choinníollacha 2019 a leagtar amach in urscaoileadh 2020, chun comhsheasmhacht a chothú idir na hurscaoiltí thar na blianta, agus mar mhodh chun feidhmíocht na Gníomhaireachta a mheas, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh dlíthiúil; ag tabhairt aird, sa chomhthéacs sin, ar an ionchur a fuarthas le déanaí ón gCoimisiún ina litir a cuireadh chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach an 24 Márta 2022 agus ar staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha a leagadh amach i rún na Parlaiminte an 21 Deireadh Fómhair 2021, a chuir an Ghníomhaireacht ar fáil ar an dáta céanna;

16. ag tabhairt dá haire, i ndáil leis na seacht gcoinníoll a bhunaigh an Pharlaimint ina rún an 21 Deireadh Fómhair 2021, go measann an Coimisiún go bhfuil "dul chun cinn suntasach déanta ag an nGníomhaireacht le bliain go leith anuas", ach "gur gá tuilleadh fós a dhéanamh"; á mheas seo a leanas i gcás gach ceann de na seacht gcoinníoll:

(a) á chur in iúl díomá uirthi nach bhfuil an Ghníomhaireacht fós in ann ceanglas Rialachán (AE) 2019/1896 a chomhlíonadh, lena ndearnadh foráil maidir le 40 monatóir ar chearta bunúsacha (FRManna) ar a laghad a earcú faoi mhí na Nollag 2020; á chur in iúl gurb oth léi nach ndeachaigh ach 20 FRM ar an iomlán i seilbh oifige faoin dáta seo, agus gur ar leibhéal AD atá 5 acu sin agus ar leibhéal AST 15 acu, agus dá bhrí sin go bhfuill moill shuntasach ann maidir leis an gcéad choinníoll a chomhlíonadh mar a leagadh amach in urscaoileadh 2019; ag tabhairt dá haire go bhfuil na céimeanna eile earcaíochta faoi rialú FRO, agus go ndéantar go neamhspleách ar oifig an stiúrthóra feidhmiúcháin iad; ag tabhairt dá haire go ndearna FRO an nós imeachta chun an dara grúpa de 20 FRM a earcú sa ghrúpa feidhme AD a chur i gcrích ag deireadh mhí Feabhra 2022, ach nach bhfuil siad dulta i seilbh oifige go nuige seo; á chur in iúl gurb oth léi go raibh 8 as an 20 FRM breise sin fostaithe cheana féin i ngrúpa feidhme AST, agus gur gá, dá bhrí sin, glao comhlántach ar iarratais a sheoladh; á chur in iúl gur geal léi an comhoibriú idir an Ghníomhaireacht agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha san earcaíocht sin;

(b) ag tabhairt dá haire gur earcaíodh an triúr leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin go léir agus gur tháinig siad isteach sa Ghníomhaireacht;

(c) ag tabhairt dá haire gur shínigh an stiúrthóir feidhmiúcháin, an 25 Feabhra 2022, an nós imeachta oibriúcháin caighdeánach maidir leis an sásra chun maoiniú a tharraingt siar, nó chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, nó gan iad a sheoladh; ag tabhairt dá haire go gceanglaítear le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/1896 ar stiúrthóir feidhmiúcháin na nGníomhaireachtaí gníomhaíochtaí a chur ar fionraí, a fhoirceannadh nó gan iad a sheoladh i gcás ina bhfuil rioscaí ann do sháruithe ar chearta bunúsacha; ag tabhairt dá haire nach ndearna an Ghníomhaireacht meastóireacht ar a gníomhaíochtaí sa Ghréig, cé go léiríonn na tuarascálacha ó institiúidí na mBallstát, ó Chomhairle na hEorpa, agus ó na Náisiúin Aontaithe go raibh oibríochtaí á ndéanamh ag an nGníomhaireacht i ranna ina raibh sáruithe ar chearta bunúsacha á ndéanamh ag an am céanna; á chur i bhfáth gurb ionann comhlíonadh an choinníll dá dtagraítear i bpointe (g) den mhír seo (maidir le hoibríochtaí a chur ar fionraí san Ungáir) agus cuid ábhartha de chur chun feidhme ceart Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/1896 mar atá foirmlithe sa choinníoll sin;

(d) ag tabhairt dá haire gur shínigh an stiúrthóir feidhmiúcháin, i mí Aibreáin 2021, an nós imeachta caighdeánach oibriúcháin athbhreithnithe maidir le sásra SIR lena sainítear ról an FRO sa phróiseas; ag tabhairt dá haire gur thíolaic an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an FRO tuarascáil maidir le cur chun feidhme praiticiúil an nóis imeachta sin, agus gur thángthas ar chonclúid go bhfuil gá leis an nós imeachta a athbhreithniú tuilleadh; á chur i bhfáth, ina theannta sin go ndéantar obair leantach ar shásra SIR, cé nach ndéantar imscrúdú a thionscnamh go huathoibríoch, agus go gcuirtear ar chumas an FRO a bheith chun tosaigh; ag tabhairt dá haire nár shocraigh an Ghníomhaireacht spriocdhátaí leis na Ballstáit go fóill maidir le cathain is gá dóibh freagairt do SIR;

(e) tá rialacha speisialta glactha ag an nGníomhaireacht chun neamhspleáchas an FRO a áirithiú, d'earcaigh sí agus ghlac sí FRO nua mar aon le leas-FRO; ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis agus plean gníomhaíochta um chearta bunúsacha tarraingthe suas ag an nGníomhaireacht, agus gur ghlac sí curaclam speisialaithe um oiliúint ar chearta bunúsacha don FRManna agus go bhfuil athbhreithniú déanta aici freisin ar a sásra um ghearáin;

(f) ag tabhairt dá haire go bhfuil cur chun feidhme tionscadail bainistithe inniúlachtaí tugtha chun críche ag an nGníomhaireacht agus gur ghlac sí beartas bainistithe eolais breisluacha agus riachtanais eolais, a bhfuil uasdátú déanta air agus feabhsuithe nua ann, agus go bhfuil cur chun feidhme chlár claochlaithe na roinne maidir le feasacht staide agus faireachán agus measúnú ar acmhainní daonna fós ar siúl; ag tabhairt dá haire go bhfuil an spriocdháta chun moladh 5 a chur chun feidhme go hiomlán curtha siar ag an nGníomhaireacht go dtí an 30 Meitheamh 2022, níos faide ná an tréimhse ama le haghaidh cur chun feidhme a leagtar amach i dtuarascáil speisialta na Cúirte, i gcomhthéacs anailís fhoirmiúil chun riachtanais foirne na Gníomhaireachta a shainaithint, go háirithe i réimsí na hanailíse riosca agus an mheasúnaithe leochaileachta;

(g) ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht fós ag feidhmiú san Ungáir, cé gur chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt Bhreithiúnais") i gcás a thionscain an Coimisiún nach luíonn gníomhaíochtaí na hUngáire le Treoir 2008/115/CE ([4]) ná leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; ag tabhairt dá haire go bhfuil cúnamh oibríochtúil á chur ar fáil ag an nGníomhaireacht maidir leis na hoibríochtaí sin um fhilleadh; ag tabhairt dá haire go bhfuil cosaintí breise curtha i bhfeidhm agus go ndéantar gach iarraidh ar thacaíocht ón Ungáir a mheasúnú de réir an cháis; ag tabhairt dá haire gur iarr FSWG ar an nGníomhaireacht a cuid gníomhaíochtaí tacaíochta san Ungáir a chur ar fionraí; ag cur béim ar an bhfíoras go dtugann an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais treoir shoiléir don stiúrthóir feidhmiúcháin maidir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/1896 a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí san Ungáir a chur ar fionraí.

á mheas nár chomhlíon an Ghníomhaireacht na coinníollacha a leagtar amach sa rún ón bParlaimint an 21 Deireadh Fómhair 2021 ach i bpáirt; á iarraidh ar an nGníomhaireacht treochlár mionsonraithe a chur faoi bhráid an údaráis um urscaoileadh maidir leis an gcaoi a bhfuil sé i gceist aige na hábhair imní atá fós gan réiteach a chomhlíonadh, mar aon le hamchlár soiléir agus mionsonraithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; ag tathant ar an nGníomhaireacht, ina theannta sin, gach beart is gá a mhol imscrúdú OLAF a ghlacadh go tapa, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas gan mhoill faoi raon feidhme agus amlíne na n-imeachtaí sin; á chur i bhfios go láidir gurb ionann freagairt na Gníomhaireachta agus gné bhunriachtanach a bhfuil meastóireacht le déanamh uirthi sa nós imeachta um urscaoileadh don bhliain airgeadais 2020;

17. ag meabhrú na gconclúidí sa tuarascáil ar urscaoileadh 2019 don Ghníomhaireacht maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2021 ón gCúirt agus raon na n-easnamh oibríochtúil a sainaithníodh inti; ag meabhrú na conclúide ón tuarascáil ón gCúirt nár ghlac an Ghníomhaireacht bearta leordhóthanacha go fóill chun a heagraíocht a oiriúnú chun a sainordú a chur chun feidhme go hiomlán faoi Rialachán (AE) 2016/1624 ([5]), agus á mheabhrú gur chuir an Chúirt béim ar rioscaí suntasacha a bhaineann le sainordú na Gníomhaireachta faoi Rialachán (AE) 2019/1896; á mheabhrú gur chuir an Chúirt cúig mholadh faoi bhráid na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin, maille le spriocdhátaí lena gcur chun feidhme faoi dheireadh 2021 (moladh 5), lár 2022 (moladh 1) agus faoi dheireadh 2022 (moltaí 2, 3 agus 4); ag tabhairt dá haire go gcuirtear moltaí chuig an nGníomhaireacht agus chuig an gCoimisiún, agus go bhfuil na Ballstáit rannpháirteach sa chur chun feidhme freisin; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don údarás um urscaoileadh na moltaí a rinne an Chúirt a chur chun feidhme go cuí; á mheabhrú go bhfuil moladh 5 san áireamh sna coinníollacha a leagadh amach i dtuarascáil na Gníomhaireachta ar urscaoileadh 2019 agus nach bhfuil sé á chomhlíonadh go hiomlán fós, agus go bhfuil cur chun feidhme na moltaí eile fós ar feitheamh; á iarraidh ar an gCúirt meastóireacht a dhéanamh a luaithe a bheidh na spriocdhátaí do mholtaí 1 go 4 caite (faoi dheireadh 2022) faoi chuimsiú thuarascáil bhliantúil na Cúirte don Ghníomhaireacht, d'fhonn a mheas an bhfuil na moltaí ón gCúirt curtha chun feidhme go leordhóthanach agus in am ag an nGníomhaireacht agus má tá, cá mhéad atá siad curtha chun feidhme agus conas a cuireadh chun feidhme iad; á iarraidh ar an nGníomhaireacht agus ar an gCoimisiún an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi chur chun feidhme na moltaí agus á chur in iúl a thiomanta atá sí é sin a léiriú i dtuarascálacha ar urscaoileadh amach anseo;

18. ag tabhairt dá haire gur cuireadh roinnt líomhaintí in aghaidh na Gníomhaireachta i láthair in imscrúduithe iriseoireachta i mí Dheireadh Fómhair 2020 maidir leis an gcomhpháirteachas a d'fhéadfadh a bheith aici i mbrú siar imircigh neamhdhleathacha sa Mheánmhuir; ag tabhairt dá haire gur tacaíodh leis na líomhaintí sin le físeán de shócmhainní na Gníomhaireachta a líomhnaítear a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí den sórt sin; á mheabhrú, ar bhonn na líomhaintí sin, go ndearna Coiste na Parlaiminte um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile imscrúdú trína FSWG; ag meabhrú na gconclúidí ó thuarascáil FSWG a cumhdaíodh go forleathan i dtuarascáil na Gníomhaireachta ar urscaoileadh 2019; á mheabhrú sa chomhthéacs sin gur chinn FSWG nach bhfuair an Ghníomhaireacht "fianaise dhochloíte ar fheidhmiú díreach brúnna ar ais nó ar ionnarbadh comhchoiteann ag an nGníomhaireacht sna cásanna de theagmhais thromchúiseacha a raibh an FSWG in ann iad a iniúchadh"; á mheabhrú gur chinn FSWG freisin "go bhfuair an Ghníomhaireacht fianaise mar thaca le líomhaintí de sháruithe ar chearta bunúsacha i mBallstáit lena raibh oibríocht chomhpháirteach, ach theip uirthi tabhairt faoi na sáruithe sin agus iad a fhiosrú go pras, go hairdeallach agus go héifeachtach" agus "mar thoradh air sin, níor chuir Frontex cosc ar na sáruithe sin, ná níor laghdaigh sé an baol go ndéanfaí sáruithe ar chearta bunúsacha amach anseo"; á mheabhrú go n-áirítear sa tuarascáil ó FSWG moltaí chuig an nGníomhaireacht, chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle, maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh na gceart bunúsach ag an nGníomhaireacht agus rialachas, maoirseacht, nósanna imeachta maidir le tuairisciú, agus láimhseáil gearán; ag tabhairt dá haire go gcuirtear na moltaí sin chuig an nGníomhaireacht, chuig a bord bainistíochta, chuig an bParlaimint, chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle; ag tabhairt dá haire go dtugann stiúrthóir

([4]) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

([5]) Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

feidhmiúcháin na Gníomhaireachta tuairisc i ngach cruinniú den bhord bainistíochta ar dhul chun cinn chur chun feidhme na moltaí ag FSWG maidir le cearta bunúsacha agus gnéithe dlíthiúla d'oibríochtaí, an tOmbudsman Eorpach agus an Chúirt; ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon spriocdhátaí ann chun na moltaí a chur chun feidhme, agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht soiléireacht a sholáthar don údarás um urscaoileadh maidir leis an obair leantach a bheartaítear leis na moltaí; á iarraidh ar FSWG fiosrúchán leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó thuarascáil FSWG agus na torthaí a chur in iúl don údarás um urscaoileadh chun go léireofar san urscaoileadh don Ghníomhaireacht iad;

19. á iarraidh ar an stiúrthóir feidhmiúcháin a chaidreamh leis an FRO agus leis an bhfóram comhairleach a neartú trína moltaí a chur san áireamh go comhsheasmhach, trína áirithiú go rachfar i gcomhairle mar is ceart leis an FRO roimh oibríochtaí, agus trí obair leantach a dhéanamh ar mholtaí FSWG go tráthúil, agus trí thuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta;

20. ag tabhairt dá haire gur chláraigh FRO na Gníomhaireachta deich SIRanna go foirmiúil agus gur eisíodh trí thuarascáil dheireanacha ón FRO lenar dúnadh na SIRanna agus gur measadh trí cinn eile a bheith dúnta go dtí go bhfoilseofar na tuarascálacha ón FRO; á thabhairt dá haire go mbaineann na SIRanna i gceist le sáruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha le linn gníomhaíochtaí oibríochtúla, lena n-áirítear oibríochtaí um fhilleadh, arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht (i.e. maidir le foireann na mBallstát agus na Gníomhaireachta); á chur i bhfáth gur léirigh FSWG imní "maidir le heaspa comhoibrithe ar thaobh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin chun comhlíonadh roinnt forálacha de Rialachán EBCG a áirithiú, go háirithe maidir le cearta bunúsacha";

21. á mheabhrú nach mór oibríochtaí agus gníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta a dhéanamh i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2019/1896, chomh maith le Rialachán Foirne AE agus Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta;

Beartas foirne

22. á chur in iúl gur oth léi gur cuireadh 63,01 % den phlean bunaíochta chun feidhme faoin 31 Nollaig 2020 agus gur ceapadh 662 ghníomhaire shealadacha as 1 050 gníomhaire sealadach a bhi údaraithe faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 484 phost údaraithe in 2019); á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gur oibrigh 387 ngníomhaire ar conradh agus 185 shaineolaí náisiúnta ar iasacht don Ghníomhaireacht (le 730 gníomhaire ar conradh agus 220 saineolaí náisiúnta ar iasacht údaraithe don Ghníomhaireacht in 2020);

23. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an chothromaíocht inscne a tuairiscíodh don bhliain 2020 agus 15 fhear (75 %) agus 5 bhean (25 %) ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí, 50 fear (83,3 %) agus 10 mbean (16,7 %) ar leibhéal an bhoird bhainistíochta, agus 870 fear (70,5 %) agus 364 bhean (29,5%) mar chuid d'fhoireann iomlán na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an chothromaíocht inscne a fheabhsú ina hardbhainistíocht agus ina foireann, agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh faoin dul chun cinn atá déanta; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú acu do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

24. á mheabhrú gur chuir OLAF imscrúdú ar bun in 2019 faoi líomhaintí maidir le ciapadh, mí-iompar agus brú siar imirceach a raibh baint ag an nGníomhaireacht leo, agus go raibh neamhrialtachtaí ann; ag tabhairt dá haire gur dhún OLAF an chéad chuid dá imscrúdú ar láimhseáil teagmhas um chearta bunúsacha an 15 Feabhra 2022 le moladh araíonachta agus go ndearnadh an toradh a bhí air a thíolacadh d'Fheisirí den Choiste um Rialú Buiséadach agus um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile go páirteach an 28 Feabhra 2022; ag tabhairt dá haire, áfach, nár cuireadh an tuarascáil ar fáil i scríbhinn do na Feisirí go fóill, ná nach bhfuil fianaise eile i scríbhinn curtha ar fáil maidir le torthaí an imscrúdaithe; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go dtagraíonn an t-imscrúdú sin do líomhaintí i ndáil le dualgais ghairmiúla a fheidhmiú agus neamhchomhlíonadh na rialacha atá i bhfeidhm agus gur cuireadh an tuarascáil chuig bord bainistíochta na Gníomhaireachta faoi nós imeachta seomra léitheoireachta daingean; á iarraidh ar OLAF agus ar an gCoimisiún a chinntiú go roinnfear an tuarascáil imscrúdaithe iomlán leis an údarás um urscaoileadh agus leis an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile a luaithe is féidir, agus urraim iomlán á tabhairt do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ([6]) agus na gceanglas dlíthiúil uile maidir le cosaint sonraí íogaire agus maidir le cearta na ndaoine lena mbaineann, amhail rochtain ar fhaisnéis maidir leis na líomhaintí, ullmhú a gcosanta, agus am leordhóthanach chun freagairt;

([6]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lch. 49).

25. á mheabhrú gur gá soiléireacht a bheith ann maidir le gach gné den imscrúdú; á chur i bhfios go láidir gur cúis mhór bhuartha na torthaí a leagadh amach sa chur i láthair páirteach maidir le feidhmíocht na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 agus ag tathant ar an mbord bainistíochta agus ar an gCoimisiún gníomhú go pras chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna uile a ardaíodh, toisc nach féidir aon amhras a bheith ann maidir le creidiúnacht na Gníomhaireachta, ionas go mbeidh sí in ann a cúraimí agus a sainchumais a chomhlíonadh go hiomlán, agus i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin freisin; á mheas go bhfuil faisnéis neamhiomlán ag an údarás um urscaoileadh faoi láthair chun cinneadh láneolach a dhéanamh maidir le hurscaoileadh don bhliain airgeadais 2020; á athdhearbhú a hiarraidh ar an nGníomhaireacht comhoibriú go hiomlán le OLAF agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le haon fhorbairtí atá ábhartha don nós imeachta um urscaoileadh;

26. á mheabhrú a thábhachtaí atá an Ghníomhaireacht agus an ról atá aici mar gharda teorann agus cósta de chuid an Aontais; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an nGníomhaireacht dlús a chur lena hiarrachtaí obair leantach a dhéanamh ar mholtaí uile OLAF agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach iomchuí d'fhonn feidhmiúlacht iomlán a áirithiú, chomh maith le héifeachtacht agus inchreidteacht a gníomhaíochtaí, go háirithe i gcomhthéacs na staide reatha san Úcráin, tráth a bhfuil rialú teorann an Aontais agus bainistiú cuí sreabh imirce fíorthábhachtach;

27. á chur in iúl gur cúis bhuartha di freagraí na Gníomhaireachta ar cheisteanna scríofa na Parlaiminte a thug le fios gur tuairiscíodh 17 gcás de chiapadh san iomlán d'eintitis inniúla na Gníomhaireachta in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht gach cás a mheas go cúramach, cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh i leith ciapadh síceolaíoch, gnéis nó aon chineál ciaptha eile, agus leanúint ar aghaidh go pras leis na daoine sin atá freagrach as an mí-iompar sin a thabhairt chun cuntais; á chur in iúl gur geal léi an oiliúint a fhaigheann na comhairleoirí rúnda agus na bearta a rinneadh chun feasacht a ardú i measc na foirne agus an fhoireann a chur ar an eolas faoi na comhairleoirí rúnda; á chur in iúl gur geal léi na seisiúin ar líne um mhúscailt feasachta do bhainisteoirí feidhmiúcháin, sinsearacha agus meánacha agus do cheannairí foirne, agus gur eagraíodh seisiúin thiomanta feasachta do bhaill foirne a chláraigh do na seisiúin sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht torthaí na gcásanna sin a chur in iúl don údarás um urscaoileadh;

Soláthar

28. á thabhairt dá haire gur sheol an Ghníomhaireacht 23 thairiscint oscailte in 2020, agus gur síníodh conarthaí ar luach iomlán EUR 9 309 000,00 mar thoradh ar chúig cinn acu, agus go bhfuil 18 gcinn acu sin fós ar siúl, ar luach iomlán EUR 153 294 000,00; á thabhairt dá haire freisin gur sheol an Ghníomhaireacht 30 nós imeachta ar luach íseal agus ar mheánluach (arna chaibidliú le triúr agus cúigear iarrthóirí) ar luach iomlán EUR 2 764 706,46, agus as an 30 nós imeachta, 21 a raibh conarthaí sínithe acu in 2020 ar luach iomlán EUR 1 992 904,00, agus naoi gcinn díobh sin fós ar siúl, ar luach iomlán EUR 771 802,46; á thabhairt dá haire freisin gur láimhseáil an Ghníomhaireacht 213 nós imeachta ar luach an-íseal (arna chaibidliú le hiarrthóir amháin) le haghaidh luach iomlán EUR 1 347 649,76 in 2020; á thabhairt dá haire ar deireadh gur láimhseáladh 776 nós imeachta faoi chreatchonarthaí a bhí ann cheana ar luach iomlán EUR 91 451 075,83, in 2020 agus conarthaí sonracha sínithe nó foirmeacha ordaithe mar thoradh ar 696 cinn acu, ar luach iomlán EUR 80 895 932,89, agus 80 ceann acu ar luach iomlán EUR 10 555 142,94 fós ar siúl;

29. á thabairt dá haire gur threoraigh an Ghníomhaireacht an tairiscint idir-institiúideach, agus thart ar 50 institiúid, gníomhaireacht agus comhlacht eile de chuid an Aontais rannpháirteach inti, chun trealamh cosanta pearsanta a cheannach ar luach iomlán EUR 60 580 000,00;

30. á chur in iúl gur geal léi gur thug an Ghníomhaireacht treoirlínte isteach maidir le soláthar glas do sheirbhísí glantacháin agus ceaintín agus seachadadh troscáin; á spreagadh an Ghníomhaireacht chun an taithí maidir le soláthar glas a mheas agus é a roinnt le Líonra Gníomhaireachtaí AE, agus, i gcás inarb iomchuí, raon feidhme an tsoláthair ghlais a leathnú sa Ghníomhaireacht;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

31. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfoilsítear CVanna agus dearbhuithe leasa chomhaltaí an bhoird bainistíochta uile ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht, d'fhonn trédhearcacht a mhéadú, na CVanna agus na dearbhuithe leasa atá in easnamh a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na bearta a nglacfar ina leith sin;

32. ag meabhrú chúiseanna buartha an údaráis um urscaoileadh in urscaoileadh 2019 maidir le trédhearcacht agus ionadaíocht leasa le haghaidh na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire gurb ann do bhunú agus oibríochtú chlár trédhearcachta na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cloí leis na caighdeáin trédhearcachta is airde agus an clár trédhearcachta a nuashonrú go rialta; ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht próiseas nua i bhfeidhm chun trédhearcacht a mhéadú; á thabhairt dá haire gur eagraíodh gach cruinniú tionscail (t-laethanta) ar

líne agus gur chuir 50 cuideachta níos mó ná 60 réiteach i láthair, le rannpháirtíocht 430 ionadaí ón nGníomhaireacht, ó Bhallstáit agus ó chomhpháirtithe an Aontais, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta; ag tabhairt dá haire gur eagraigh an Ghníomhaireacht, i dteannta leis na t-laethanta, léiriú ar líne ar réitigh theicneolaíocha, i gcomhthráth leis an gComhdháil Idirnáisiúnta ar Bhithmhéadracht le haghaidh Teorainneacha, ag sárthaispeáint breis agus 100 réiteach, le 23 chur i láthair tionscail do bhreis is 470 duine i láthair ag comhdhálacha; ag tabhairt dá haire gur cosúil, áfach, nach bhfuil mórán cruinnithe cláraithe sa chlár trédhearcachta nuabhunaithe; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi cé na páirtithe príobháideacha a tháinig le chéile le linn a laethanta tionsclaíochta débhliantúla in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith sin;

33. á chur i bhfáth gur ghríosaigh an tOmbudsman Eorpach an Ghníomhaireacht chun "cur chuige níos réamhghníomhaí maidir le trédhearcacht a áirithiú"; á mheabhrú gur iarr FSWG ar an nGníomhaireacht "a trédhearcacht a mhéadú tuilleadh trí ghníomhú i gcomhréir le cleachtas na tairsí AsktheEU agus gan dul i muinín aon chlásal cóipchirt" agus "nár cheart SIRanna, tuarascálacha maidir le húsáid fornirt agus gearáin aonair a aicmiú mar dhoiciméid shrianta ach nuair is gá agus de réir an cháis";

34. ag cur béim ar a riachtanaí atá sé go gcomhoibreodh an Ghníomhaireacht le gach geallsealbhóir inmheánach agus seachtrach de mheon macánta, mar atá leabaithe in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/1896;

35. ag tabhairt dá haire gur chaith an Ghníomhaireacht EUR 8 500 le déanaí chun a stiúrthóir feidhmiúcháin a sheoladh ar scairdeitleán príobháideach chun freastal ar chruinniú sa Bhruiséil an 4 Márta 2020, cé gur tugadh fógra lá roimh ré go raibh cruinniú na Bruiséile beartaithe don lá céanna bhí eitilt tráchtála ar fáil; á chur i bhfáth go bhfuil codarsnacht idir sin agus láimhseáil fhreagrach airgead na gcáiníocóirí agus ag tathant ar an stiúrthóir feidhmiúcháin a chur chuige a athrú i ndáil leis sin;

Rialú inmheánach

36. ag tabhairt dá haire an measúnú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh a rinne an Ghníomhaireacht in 2020, lenar cinneadh cé go meastar go bhfuil an córas éifeachtach ar an iomlán, go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe; ag tabhairt dá haire go mbaineann sé seo go háirithe le prionsabail rialaithe inmheánaigh 10 (gníomhaíochtaí rialaithe), 15 (cumarsáid le páirtithe seachtracha faoi ábhair a dhéanann difear do rialú inmheánach) agus 16 (measúnú bliantúil agus leanúnach ar an gcóras rialaithe inmheánaigh); á iarraidh ar an nGníomhaireacht barúlacha na Cúirte a chur san áireamh freisin sa mheasúnú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh; ag tabhairt dá haire go bhfuil plean gníomhaíochta ceaptha ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh agus go bhfuil sí tiomanta do na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme go tapa; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a bheidh déanta;

37. ag tabhairt dá haire gur ann do ghníomhaíochtaí leanúnacha na Gníomhaireachta maidir le breithnithe na Cúirte; ag tabhairt dá haire gur chruthaigh an Ghníomhaireacht plean gníomhaíochta chun tabhairt faoi na heasnaimh arna sainaithint ag an gCúirt; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint de ghníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh, lena n-áirítear beartas um poist íogaire a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm ar aon dul lena caighdeáin rialaithe inmheánaigh féin, plean leanúnachais gnó a dhréachtú agus cead a fháil óna bord bainistíochta, tabhairt faoin riosca de mhaoiniú dúbailte ón gCiste Slándála Inmheánaí agus tabhairt faoi ardleibhéal méideanna a thugtar anonn; á iarraidh ar an nGníomhaireacht áfach a cuid iarrachtaí a mhéadú chun na leibhéil áitíochta riachtanacha a bhaint amach atá leagtha síos sa phlean bunaithe foirne; á chur in iúl gur geal léi na bearta ceartaitheacha arna nglacadh ag an nGníomhaireacht chun tabhairt faoi cheist na n-aisíocaíochtaí le tíortha comhoibritheacha gan na doiciméid tacaíochta riachtanacha; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás urscaoilte a chur ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéantar ar na hábhair sin;

38. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt barúil gur mhainnigh an Ghníomhaireacht nóta eisceachta a thaifeadadh sa chlár lárnach le haghaidh eisceachtaí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a ardchaighdeáin trédhearcachta a choimeád agus clárú tráthúil agus iomlán eisceachtaí agus teagmhais neamhchomhlíonta agus ndoiciméadacht bhunúsach a dhéanamh;

39. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Chúirt gur iarr an Ghníomhaireacht ar an gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2020 cead chun 100 post AST a uasghrádú go poist ardleibhéil (grád AD 7 nó níos airde), don bhuanchór agus do chúraimí nua faoin sainordú nua; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur sheol an Ghníomhaireacht, ag súil le freagra ón gCoimisiún, an 9 Meán Fómhair 2020, 47 dtairiscint chuig iarrthóirí ardleibhéil agus gur chuir an Coimisiún in iúl don Ghníomhaireacht nach raibh aon údarás dlíthiúil aici na poist a uasghrádú, rud a d'fhág gur tharraing an Ghníomhaireacht siar láithreach bonn 47 dtairiscint poist; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh

dearbhú dlíthiúil faighte ag an nGníomhaireacht ón gCoimisiún sula ndeachaigh sí ar aghaidh, mar go gcoiscfí leis sin suaitheadh neamhriachtanach a d'eascair as an tarraingt siar; á mheabhrú gur fhág an méid sin gur cuireadh an Ghníomhaireacht i mbaol damáiste dá clú agus i mbaol dlíthíochta agus nach raibh aon ghá leis sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cosc a chur ar ghníomhartha den sórt sin a dhéanamh gan soiléireacht dhlíthiúil amach anseo chun nach dtarlódh na cásanna sin an athuair;

Freagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

40. ag tabhairt dá haire gur bunaíodh aonad géarchéime laistigh den Ghníomhaireacht a thacaigh lena bainistíocht feidhmiúcháin ar feadh phaindéim COVID-19, trí thacaíocht a sholáthar maidir le leanúnachas gnó, trí shláinte, sábháilteacht agus folláine na foirne a áirithiú, agus trí chur isteach ar oibríochtaí na Gníomhaireachta a íoslaghdú; ag tabhairt dá haire gur tugadh de chumhacht don aonad géarchéime leithdháileadh sealadach feidhmeanna agus foirne ó eintitis ar fud na Gníomhaireachta chun bainistiú éifeachtúil agus inbhuanaithe ar phróisis agus ar chúraimí a áirithiú;

41. ag tabhairt dá haire gur dhréachtaigh an Ghníomhaireacht treoirlínte sonracha maidir le teilea-obair le linn phaindéim COVID-19 chomh maith le straitéis scoir; ag tabhairt dá haire, chun teilea-oibriú a éascú agus rannchuidiú le dálaí oibre cuí a chruthú don fhoireann, gur ceadaíodh don fhoireann go léir, chomh maith le pearsanra seachtrach i gcás riachtanais ghnó a bhfuil údar leo, trealamh áirithe oifige agus TFC a úsáideann siad de ghnáth san oifig a thabhairt abhaile le nós imeachta inmheánach a forbraíodh chun rialú ar an trealamh agus bailiú ordúil ón áitreabh a áirithiú;

42. ag tabhairt dá haire go luaitear i dtuarascáil na Gníomhaireachta gur seoladh sreabhadh oibre nua gan pháipéar le haghaidh próisis airgeadais agus soláthair, lena n-áirítear uirlisí nua cur chun feidhme, amhail léirmhíniú ar líne; ag tabhairt dá haire an méid a dúirt an Ghníomhaireacht gur féidir le tionchar na paindéime a bheith dearfach i gcásanna áirithe, toisc gur chuir sí dlús le nuálaíochtaí a raibh géarghá leo agus gur shimpligh sí roinnt nósanna imeachta;

43. ag tabhairt dá haire gur chuir an phaindéim isteach go mór ar phlean oiliúna na Gníomhaireachta, agus srianta taistil forchurtha ag Ballstáit agus ag na Tíortha atá Comhlachaithe le Schengen, rud a d'fhág nach raibh fáil ar oiliúnóirí ná ar láithreacha oiliúna agus go raibh féidearthacht theoranta ann taisteal chuig na láithreacha oiliúna; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht iarrachtaí leanúnachas gnó a áirithiú tríd an bpróiseas oiliúna iomlán a athdhearadh, chun go mbeadh sé in oiriúint don chianfhoghlaim;

Barúlacha eile

44. á mheabhrú gur chinn an tOmbudsman Eorpach an 15 Meitheamh 2021 go raibh moill ar thaobh na Gníomhaireachta maidir leis na hathruithe tábhachtacha a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/1896 a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire gur láimhseáil an tOmbudsman Eorpach 13 chás a bhain leis an nGníomhaireacht, sé cinn maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, sé cinn maidir le bainistiú acmhainní daonna agus ceann eile a bhain le cearta bunúsacha; ag tabhairt dá haire nár chuir an tOmbudsman Eorpach moltaí ar fáil i sé chás, go bhfuil ceithre mholadh á gcur i bhfeidhm go leanúnach agus go bhfuil an moladh curtha i bhfeidhm cheana féin i dtrí chás;

45. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([7]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([7]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.